# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008**

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

**RÉIMSE STAIDÉIR: AN LUATHAOIS, 1492 – 1815**

**Scrúdú scríofa: 400 marc**
**Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

**DÉ CÉADAOIN, 11 MEITHEAMH, TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50**

***Treoracha d'iarrthóirí:***

Tabhair faoi na Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

- **Roinn 3 (100 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
**An Eoraip ón Renaissance go dtí an Reifirméisean, 1492-1567**

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***An Ghinéiv le linn Chailvín***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) Mar atá luaite i ndoiciméad A, cén t-athrú atá tar éis teacht ar iompar na mban?

   (b) Mar atá luaite i ndoiciméad B, cathain is féidir le fir colscaradh a fháil?

   (c) Mar atá luaite i ndoiciméad B, cathain is féidir le mná colscaradh a fháil?

   (d) Mar atá luaite i ndoiciméad B, cén fáth ar cheart d'fhir agus do mhná comhchearta ar an gcolscaradh a bheith acu? (20)

2. (a) Cén difríocht atá idir stíl na seanmóra ag Cailvín i ndoiciméad A agus stíl na scríbhinne dlí aige i ndoiciméad B?

   (b) Cé acu doiciméad, A nó B, is éifeachtaí dar leat chun a chás a áitiú? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad. (20)

3. (a) An bhfuil fianaise i ndoiciméad A a thacaíonn leis an maíomh gur deacair na mná a aithint thar na fir sa Ghinéiv le linn Chailvín? Mínigh do fhreagra.

   (b) An bhfuil tuairim dlí ar nós dhoiciméad B úsáideach mar fhoinse staire? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

4. Cé chomh mór agus a chruthaigh Cailvín sochaí nua chomh maith le heaglais nua sa Ghinéiv? (40)

## - Doiciméad A -

**Sliocht arna chur in eagar as seanmóir a thug Jean Cailvín sa Ghinéiv maidir le faisin agus le hiompar na mban**

Is fada atáthar ag ligean do na mná éirí níos dána. Caitheann siad éadaí atá chomh gríosaitheach sin gur deacair a dhéanamh amach cé acu fir nó mná iad.

Tagann siad i láthair agus gúnaí nua agus daighsíní á gcaitheamh acu, ionas go bhfeictear bréagriocht nua éigin gach uile lá. Tagann siad agus iad gléasta mar a bheadh eireaball péacóige, ionas nach féidir le fear dul tharstu i bhfoisceacht trí troithe díobh gan mar a bheadh seol muileann gaoithe a mhothú ag guairneán thairis.

Cuid dá n-iompraíocht freisin na hamhráin gháirsiúla (mínáireacha).

## - Doiciméad B -

**Sliocht arna chur in eagar ó theagasc Cailvín ar dhlí an phósta**

Má chuireann fear céile adhaltranas i leith a mhná agus má chruthaíonn sé é le finnéithe atá sách muiníneach agus má iarrann sé colscaradh, tabharfar dó é. Iarrfar air pardún a thabhairt dá bhean, áfach, ach níor cheart aon iallach eile a chur air má tá a intinn socraithe aige.

Ba é an nós a bhíodh ann nach mbíodh cearta na mban comhionann le cearta na bhfear i dtaca leis an gcolscaradh de. Ach léiríonn focail an aspail gur dualgas cómhalartach agus gur comhchomaoin é an pósadh chomh fada agus a bhaineann sé le cearta pósta.

Dá bhrí sin, níor cheart do bhean chéile a bheith faoi réir ag a fear níos mó ná a bheadh an fear céile faoi réir ag a bhean. Má chiontaítear fear san adhaltranas, agus má iarrann a bhean scaradh uaidh, ceadófar di é, más rud nach féidir comhréiteach a dhéanamh idir na páirtithe.

(Foinse an dá dhoiciméad: Potter and Greengrass, *John Calvin, Documents of modern history*, Londain, 1983)

## ROINN 2: ÉIRE
**Freagair ceist amháin as dhá cheann de na topaicí seo thíos**

*Éire: Topaic 1*
### Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth a raibh Gearaltaigh Chill Dara chomh cumhachtach sin agus cén fáth ar éirigh siad amach i 1534? (100)
2. Cén fáth ar ghlac Máire Túdar le polasaí plandála agus cé chomh maith agus a d'éirigh le Plandáil Laoise agus Uíbh Fhailí? (100)
3. Cad iad na gnéithe sóisialta agus eacnamaíocha ar leith a bhain le hÉirinn na nGael? (100)
4. Cén fáth ar theip ar an Reifirméisean in Éirinn, 1536-1558? (100)

*Éire: Topaic 2*
### Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558-1603

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh tromchúiseach mar bhagairt ar chumhacht na dTúdarach in Éirinn agus a bhí Seán Ó Néill, agus conas a dhéileáil Eilís I leis an mbagairt sin? (100)
2. Cad iad na príomhfhorbairtí sóisialta agus eacnamaíocha i gcathair Bhaile Átha Cliath le linn réimeas Eilíse? (100)
3. Cén fáth ar bhain tábhacht le gairmréim chléireachais Meiler Magrath in Éirinn le linn réimeas Eilíse? (100)
4. Cé chomh fada agus a leathadh cumhacht Shasana in Éirinn le linn réimeas Eilís I? (100)

*Éire: Topaic 3*
### An ríocht in aghaidh na coilíneachta – an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na hathruithe polaitíochta, eacnamaíochta agus creidimh a tharla de bharr Phlandáil Uladh? (100)
2. Cén fáth ar tharla éirí amach in aghaidh an rialtais in Éirinn i 1641? (100)
3. Cén tábhacht chreidimh agus chultúrtha a bhain le Coláiste na bProinsiasach Éireannach sa Lováin? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag Cromail in Éirinn, 1649-1658? (100)

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta a bhunú, 1660-1715**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór agus a fíoraíodh dóchas na gCaitliceach in Éirinn le linn réimeas Shéarlas II agus Shéamas II, 1660-1688? (100)
2. Cé na daoine a raibh ionadaíocht acu i bParlaimint 1689, cad iad na dlíthe a ritheadh, agus cén fáth nár cuireadh na dlíthe sin i bhfeidhm? (100)
3. Cad iad na príomhfhorbairtí sóisialta agus eacnamaíocha i mBaile Átha Cliath le linn na hAthghairme? (100)
4. Cad iad príomh-onnmhairí na hÉireann, 1660-1715, agus cén tionchar a bhí ag na srianta a chuir parlaimint Shasana ar an trádáil? (100)

*Éire: Topaic 5*

**An choilíneacht in aghaidh na ríochta –**
**teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cérbh iad na Buachaillí Bána, cad iad na gníomhaíochtaí a rinne siad, agus cad iad na hiarmhairtí a bhí orthu siúd? (100)
2. Cad a chuir muintir Ponsonby leis an "Náisiún Protastúnach"? (100)
3. Cén chaoi, agus cén chúis, ar bhain Jonathan Swift leas as a chuid buanna mar scríbhneoir agus mar bholscaire i bpolaitíocht na hÉireann? (100)
4. Cé chomh maith agus a chuir Séarlas Ó Conchúir agus/nó Thomas Wyse cearta na gCaitliceach chun cinn? (100)

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus a d'éirigh leis na Tírghráthóirí agus leis na hÓglaigh lamháltais a fháil ón rialtas go déanach sna 1770-dí agus go luath sna 1780-dí? (100)
2. Cé acu eagraíocht ba mhó éifeacht, na hÉireannaigh Aontaithe nó an tOrd Oráisteach? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don dá eagraíocht. (100)
3. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag lucht bunaithe Choláiste Naomh Pádraig, Maigh Nuad, agus cé chomh mór agus a baineadh amach na haidhmeanna sin? (100)
4. Cad iad na cúiseanna a bhí le dul chun cinn Bhéal Feirste, 1770-1815? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR
**Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
### Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht i ndeireadh an séú haois déag, 1567-1609

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Ar éirigh le réimeas Philib II na Spáinne nó ar theip air? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (100)
2. Cén fáth ar chaill Antuairp a sheasamh mar mhórionad trádála, 1567-1609? (100)
3. Conas a chuidigh daoine ar nós Tycho Brahe le bunchloch na heolaíochta nua-aimseartha a leagan? (100)
4. Cén fáth nach raibh Caitríona de Medici in ann fadhbanna creidimh na Fraince a réiteach? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
### Éiclips na Sean-Eorpa, 1609-1660

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tionchar a bhí ag an Cogadh Tríocha Bliain ar an nGearmáin? (100)
2. Cén chaoi ar chuir Galileo le fás na heolaíochta turgnamhaí agus cén fáth ar chuir an Chúistiúnacht faoi thriail é? (100)
3. Cén fáth ar éirigh na Catalónaigh amach i 1640 agus cén fáth a ndeachaigh an Chatalóin i gcomhcheangal arís leis an Spáinn i 1652? (100)
4. Cén fáth a rabhthas "ag géarleanúint na gcailleach feasa" chomh mór sin sa tréimhse 1609-1660? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
### An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na cuspóirí sóisialta agus polaitíochta a ndearna cúirt Versailles freastal orthu? (100)
2. Cad a rinne Peadar Mór don Rúis? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag Comhlacht (Sasanach) na nIndiacha Thoir, 1660-1715? (100)
4. Cad ab áil le Louis XIV don Fhrainc agus cé chomh maith agus a bhain sé amach a chuid aidhmeanna? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a chuir an Eagnaíocht leis an smaointeoireacht shóisialta, pholaitíochta agus eacnamaíochta? (100)
2. Cé chomh héifeachtach agus a bhí Maria Theresa mar rialtóir? (100)
3. Cén saol laethúil a bhí ag na sclábhaithe sna hIndiacha Thiar agus conas a chuir plandálacha na sclábhaithe leis an trádáil idirnáisiúnta? (100)
4. Cén bunús a bhí le héirí amach na gcoilíneach Meiriceánach i gcoinne na Breataine? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na cúiseanna a bhí le Réabhlóid na Fraince? (100)
2. Cén fáth ar dhiúltaigh cuid mhaith den chléir do Bhunreacht Sibhialta na Cléire agus cad iad na hiarmhairtí a bhain leis an diúltú sin don Fhrainc? (100)
3. Cé chomh tábhachtach agus a bhí an réabhlóid thionsclaíoch d'fhás Mhanchain? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag Napoléon ar an Eoraip? (100)